**OIFIGEACH TAIGHDE**

Is mian le hInstitiúid Oideachais Marino Oifigeach Taighde Iardhochtóireachta a cheapadh ar bhonn lánaimseartha. Baineann tábhacht straitéiseach leis an bpost seo, agus cuirfidh sé ar chumas na hInstitiúide leanúint le gníomhaíochtaí taighde a chur chun cinn go gníomhach ar an gcampas agus páirt a ghlacadh in iarratais agus i dtairiscintí maidir le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuirfidh an té a cheapfar cion suntasach le todhchaí Institiúid Oideachais Marino agus í ag dul isteach ina gcéad chéim eile forbartha.

Tuairisceoidh an té a cheapfar chun an phoist seo go díreach leis an Stiúrthóir Taighde agus leis an Uachtarán. Is ceapachán trí bliana é seo.

**Chun go gcuirfear iarrthóirí san áireamh don phost seo ní foláir go mbeidh an méid seo a leanas acu:**

- Céim PhD nó a coibhéis san oideachas nó i réimse gaolmhar
- Eolas cuimsitheach ar bheartais agus ar thionscnaimh náisiúnta, idirnáisiúnta a bhaineann le taighde maoinithe san oideachas
- Tuiscint ar na príomhghníomhaireachtaí maoiniúcháin taighde agus ar na tionscnaimh maoiniúcháin reatha a bhaineann le taighde san oideachas
- Scileanna sármhaithe idirphearsanta agus cumarsáide, lena n-áirítear scríbhneoireacht, cuir i láthair a dhéanamh, agus seimineáir ghréasáin agus sholáthar agus scileanna maidir le héascaíocht a dhéanamh, tionchar a imirt agus foghlaim
- Tuiscint mhaith ar an bpróiseas taighde agus scoláireachta
- Cur chuige réamhghníomhach féintosaithe agus an cumas tascanna a chríochnú
- Cumas cruthaithe maidir le foirne comhghleacaithe a stiúradh agus a chomhordú maidir le cuspóirí oibre a bhaint amach
- Feasacht ar ghnéithe an oideachais tríú leibhéal amhail cáilíocht, RGCS agus taighde mac léinn.

**Príomhfhreagrachtaí:**

- Tacú le baill foirne lena bpróifílí taighde ar líne a fhorbairt
- Imscrúdú a dhéanamh ar ghairmeacha ar thograí taighde agus iad a chur in iúl do bhaill foirne agus taifead a choinneáil de na foinsí maoiniúcháin atá ar fáil.
- Tacú le baill foirne le hiarratas a dhéanamh ar thairiscintí taighde, cúnamh a thabhairt le hachoimrí taighde a scríobh
- Gníomhú mar phríomhphointe teagmhála gníomhaireachtaí maoiniúcháin
- Deiseanna le haghaidh taighde comhoibríoch agus idirinstitiúideach a shainaithint

- Oibriú le baill foirne taighde lena chinntiú go mbeidh tionscadail de réir an sceidil i gcónaí; d'fhéadfadh sé go mbeadh cuidiú le bailiú sonraí, freastal ar chruinnithe foirne, tacú le scaipeadh tionscadal i gceist leis sin.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na baill foirne, lena n-áirítear an oifig airgeadais, maidir le tuarascálacha taighde a chur isteach
- Tuairisciú don Stiúrthóir Taighde agus don Uachtarán ar bhonn rialta
- Bheith páirteach i mbainisteoireacht caidrimh trí chomhéadan straitéiseach a sholáthar idir páirtithe leasmhara, comhlachtaí um mhaoiniú, na príomhthaighdeoirí, agus an pobal i gcoitinne.
- Cuidiú le taighdeoirí buiséid a choimeád agus taifid chaiteachais a chur le chéile
- Cuidiú le taighdeoirí in obair riaracháin a bhaineann le tionscadail taighde (e.g. bileoga ama a chur isteach le haghaidh cláir arna maoiniú ag AE)
- Tacaíocht rúnaíochta agus riaracháin a sholáthar do Choise Eitice Institiúid Marino

## Próiseas Iarratais, Roghnúcháin agus Faisnéis Ghinearálta Eile

### <u>Modh Roghnúcháin do Mholadh</u>

Cuirfear iarratasóirí ar ghearrliosta a bheidh bunaithe ar cháilíochtaí, oiriúnacht agus taithí oibre ábhartha an iarratasóra faoi mar a shonraítear san iarratas. Is faoin iarratasóir atá sé a chinntiú go gcuirfidh sé nó sí an fhaisnéis ábhartha ar fad ina n-iarratas agus go ndéanfaidh sé nó sí an dóigh a gcomhlíonann siad na critéir iarrthóra shonracha a léiriú go soiléir.

Déanfar an t-agallamh trí phainéal agallaimh ina mbeidh líon nach lú ná triúr, agus beidh sé comhdhéanta de dhaoine oiriúnacha agus cáilithe ann chun measúnú a dhéanamh ar iarratasóirí sa disciplín.

### <u>Iarratais a Dhéanamh</u>

Iarratas le litir Chlúdaigh agus CV amháin (níl foirmeacha iarratais speisialta ar bith ar fáil.)
ar an ríomhphost, más féidir, chuig **careers@mie.ie** nó sa phost chuig:

Oifig na nAcmhainní Daonna
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9
D09 R232.

**Ní mór go mbeidh iarratais chomhlánaithe faighte faoi 5.00 i.n. Dé Máirt an 16 Feabhra 2021. Ní ghlacfar iarratais mhalla ar bith.**

Ní bheidh an Institiúid freagrach as caiteachas ar bith, lena n-áirítear costais taistil, a d'fhéadfadh iarrthóirí a thabhú i ndáil lena n-iarrthóireacht.

*Fostóir comhdheiseanna is ea Institiúid Oideachais Marino.*